# Tacú leis an gcleachtas ionchuimsitheach agus Am á mhúineadh

**Torthaí Foghlama a bhaineann le hAm**

**Céim 1:** Trí úsáid a bhaint as eispéiris foghlama spraíúla chuí, ba cheart go mbeadh páistí in ann tuiscint a fháil ar imeacht ama agus an cuspóir a bhaineann leis.

**Céim 2:** Trí eispéiris rannpháirteacha foghlama chuí, ba cheart go mbeadh páistí in ann tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéantar am a thomhas, a chur in iúl agus a thaispeáint.

Trí eispéiris rannpháirteacha foghlama chuí, ba cheart go mbeadh páistí in ann sloinn chothroma ama a fhiosrú

**Céim 3:** Trí eispéiris rannpháirteacha foghlama chuí, ba cheart go mbeadh páistí in ann am a chur i gcomparáid, a mheas agus a thomhas ach úsáid a bhaint as na haonaid tomhais cuí.

Trí eispéiris rannpháirteacha foghlama chuí, ba cheart go mbeadh páistí in ann na gaoil idir aonaid agus léirithe ama a shainaithint.

**Céim 4:** Trí eispéiris rannpháirteacha foghlama chuí, ba cheart go mbeadh páistí in ann tascanna praiticiúla a réiteach agus a chur i láthair a bhfuil léirmhíniú agus ríomh ama i gceist leo.

## An Réamhrá

Is croíscil mhatamaitice é Am, an lipéad Toradh Foghlama i snáithe Tomhais Churaclam Matamaitice na Bunscoile, do na páistí uile. Is scil saoil riachtanach é a thacóidh leo a ngníomhaíochtaí saoil laethúla a thuiscint agus a bhainistiú agus a chumasóidh iad dul i ngleic go neamhspleách leis an tsochaí. Is scil chasta é an am agus is coincheap deacair é do roinnt páistí a fhoghlaim. Páirt den chúis atá leis sin ná nach féidir é a fheiceáil nó a bhrath. Cuireann an réimse leathan roghanna tomhais idir nóiméid, laethanta, seachtainí agus míonna ar aghaidh chuig blianta le huirlisí a bhaineann úsáid as formáidí analógacha, digiteacha agus féilire le castacht an phróisis foghlama. Bainfear amach uasmhéadú poitéinseal gach páiste trí chlár foghlama a bhfuil an measúnú mar bhonn eolais faoi agus a sheachadtar trí úsáid a bhaint as cuir chuige oideolaíochta bunaithe ar fhianaise.

### Leideanna don Mhúinteoir

**Beidh tuiscint roinnt páistí ar am** dírithe go huile agus go hiomlán ar a **gcásanna aonair sa ghnáthshaol;** ach forbróidh páistí eile **coincheap domhain ama níos leithne.**

## Bonn a thógáil le haghaidh foghlaim ama

Teastaíonn **tacar scileanna casta** chun am a léamh. Is gá don pháiste **an coincheap caitheamh an ama a thuiscint agus na scileanna a theastaíonn chun am a thomhas a shealbhú** (lena n-áirítear cloig analógacha agus dhigiteacha). Is gá dó a fhoghlaim go bhfuil dhá airí gur féidir a thomhas ag baint le ham – **an t-am a tharla imeacht** agus **an fad a mhair sé**.

### Bunscileanna i dtaca le hAm a Léamh

Sainaithint uimhreach chuig 12

Comhaireamh in 1ta chuig 12

Comhaireamh i 5eanna chuig 60

Tuiscint coincheapúil ar ¼ agus ½

Is **céim thábhachtach í tuiscint dhaingean ar am a caitheadh** i dtaobh sealbhú scileanna ama. Teastaíonn roinnt **scileanna uimhris bunúsacha** sula mbíonn an páiste réidh foghlaim conas am a léamh (Féach Bunscileanna). Cuireann inniúlacht sa chomhairimh bunús ar fáil le haghaidh fadhbanna áirimh ama chomh maith. Is gné thábhachtach de thuiscint choincheapúil ar am a fhorbairt é múineadh aonad tomhais m.sh. soicind, nóiméid, uaireanta cloig, laethanta srl. Is slí éifeachtach í rannpháirtíocht ghníomhach an phaiste in am imeachtaí gairide a choinneáil agus i gcruthú físeanna d'imeachtaí ar fhaid chosúla na coincheapa seo a fhoghlaim.

| 1 nóiméad | 10 nóiméad | Uair an chloig amháin |
|---|---|---|
| Mo chuid gruaige a scuabadh | Tiomáint ar scoil | Ceacht snámha |
| Mo bhróga a chur orm | Am Ciorcail | Traenáil peile |

## Cloig dhigiteacha agus analógacha

**Is croíscil saoil é am a léamh go digiteach.** Go ginearálta braitheann páistí é níos éasca éirí ábalta i dtaca le ham a léamh sa tslí seo. Mar sin féin, is féidir nach ionann am a léamh ar chlog digiteach agus tuiscint coincheapúil ar am. Baineann buntáiste le **clog analógach**, cuirtear íomhánna físeacha ar fáil maidir le ham a caitheadh chun an caidreamh idir nóiméid agus uaireanta cloig a léiriú agus mar sin is **uirlis mhúinteoireachta é a mholtar go hard** le haghaidh mhúineadh choincheap an ama agus le haghaidh **fadhbanna ama a réiteach**. Tosaíonn an tsraith mhúinteoireachta leis an gclog analógach. Is modh é úsáid cloig aon láimhe (lámh na n-uaireanta) chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil do pháistí áirithe. Tacaíonn ceangal soiléir a dhéanamh idir am digiteach agus analógach ó na staideanna is luaithe le foghlaim an pháiste. Bíodh is go bhfoghlaimeoidh formhór páistí an t-am i bhformad analógach agus digiteach go comhuaineach, féadfaidh páistí eile tairbhe a bhaint as teagasc ar thuiscint agus ar inniúlacht in aon fhormad amháin ar dtús.
**(Butterworth & Yeo, 2007)**.




## Bonnlíne don fhoghlaim a bhunú le haghaidh tuiscint an pháiste

De bharr na **gcastachtaí a bhaineann le múineadh agus foghlaim ama, céad chéim chriticiúil** is ea **aithint bonnlíne eolais an pháiste** maidir le **scileanna réamhriachtanacha uimhris** agus **ama**. Tacóidh sé seo leis an tuiscint ar an réamheolas atá aige agus le haithint a bhonnlíne bunscileanna sula gcuirtear coincheapa agus scileanna nua i láthair. Agus iad ag obair laistigh de chontanam an chreata measúnaithe, baineann múinteoirí ranga agus múinteoirí oideachais speisialta (MOS) cuir chuige measúnaithe comhlántacha idir mheasúnuithe neamhfhoirmiúla ar nós a mbreithiúnas gairmiúil agus féinmheasúnú an pháiste agus bhearta measúnaithe foirmiúla pleanáilte.

Forbróidh an múinteoir a thuiscint tosaigh ar bhonnlíne eolais an pháiste go hiomasach. Agus bonn eolais á fháil aige ó thaithí foghlama an pháiste chuige seo agus óna idirghníomhú le gníomhaíochtaí a bhaineann le ham ina thaithí saoil laethúil, tosóidh an múinteoir ag cur le chéile a bhreithiúnais ghairmiúil ar bhonnlíne scileanna an pháiste. Féadfaidh sé a bheith úsáideach dó doiciméadú córasach a dhéanamh ar a bhreithnithe starógacha mar chéad chéim i bpróiseas an teagaisc agus na foghlama.

Is measúnú bunaithe ar chritéar é an *Paca Measúnaithe Ama* atá ar fáil ag https://pdst.ie/primary/stem/mathematics/measures. Agus é ina dhá chuid, tá an *measúnú ranga uile* oiriúnach le go n-úsáidfeadh múinteoir ranga é. Tá na measúnuithe aonair úsáideach go háirithe do pháistí atá ag staideanna luatha ina gconair foghlama nó dóibh siúd atá ag streachailt bunchoincheapa agus scileanna a shealbhú. Agus múinteoir oideachais speisialta nó múinteoir ranga á dhéanamh de gnáth, déanann an measúnú aonair meastóireacht ar leibhéal scileanna ag trí staid – nithiúil, pictiúrtha/léirithe agus teibí (féach an Creat

Coincréiteach/Léiritheach/Teibí thíos). Ginfidh uirlisí measúnaithe neamhfhoirmiúla ar nós breathnú an mhúinteora agus tascanna a cheapann an múinteoir na sonraí riachtanacha chun na measúnuithe ranga uile agus aonair a chur i gcrích.

# Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn san fhoghlaim


Tá **measúnú leanúnach ar dhul chun cinn ríthábhachtach** chun **bonn eolais a chur faoin teagasc** agus faoin bhfoghlaim sa todhchaí. Baineann tábhacht le nasc daingean a choinneáil idir mheasúnú ar dhul chun cinn agus idirghabhálacha teagaisc ar spriocscileanna le haghaidh an pháiste a bhraitheann é deacair gnéithe coincheapúla agus gnásúla an ama a shealbhú. Bíonn ról tábhachtach ag breithiúnas gairmiúil an mhúinteora bunaithe ar a bhreathnú sa phróiseas seo. Bíonn **seiceálacha tapa agus rialta**, trí úsáid a bhaint as teimpléad chun tacú le taifead, úsáideach le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Is slí shimplí agus thapa é iarraidh ar an bpáiste a chuid smaointeoireachta agus a réiteach a mhíniú (le béim ar earráid uaireanta – agallamh diagnóiseach) faisnéis dhiagnóiseach a fháil. Féadfaidh sé a bheith úsáideach freisin taifead a choinneáil de shonraí maidir le hanailís earráidí. Beidh feabhas ar thorthaí mar thoradh ar an bpróiseas diagnóiseach, a chuireann an múinteoir ranga i bhfeidhm agus a thacaíonn múinteoir oideachais speisialta, i gcás páiste a bhfuil deacrachtaí aige le ham.

# Straitéisí oideolaíocha bunaithe ar fhianaise maidir le ham a mhúineadh

Straitéisí oideolaíocha bunaithe ar fhianaise maidir le ham a mhúineadh do gach páiste. Is príomhghnéithe d'oideolaíochtaí éifeachtacha agus an mhatamaitic á múineadh iad taispeántas múinteora, cleachtadh treoraithe agus cleachtadh neamhspleách. Is gnéithe ríthábhachtacha de phróiseas an teagaisc agus na foghlama iad deiseanna rialta a chur ar fáil don phaiste dul i ngleic le gníomhaíochtaí matamaiticiúla agus freagairt dóibh, agus aiseolas tógachaíoch a chuimsiú i gceachtanna.

## Comhthéacsanna bríocha don fhoghlaim

| Gníomhaíocht | Am Tosaigh | Am Críochnaithe | Cá fhad a thóg sé? |
|---|---|---|---|
|  | 7.50 | 8.00 | 10 nóiméad |
|  | 8.15 | 8.30 | 15 nóiméad |

Tá **eispéiris phearsanta an pháiste** lárnach i bhforbairt a thuisceana coincheapúla ar am. Cuirfidh úsáid na n-eispéireas seo ar scoil agus sa bhaile ar chumas an pháiste tosú ag cur imeachtaí a bhfuil cur amach aige orthu ina shaol in ord m.sh. *Scuabaim m'fhiacla i ndiaidh bricfeasta agus sula dtéim ar scoil.* Tacóidh comparáid idir fad eispéireas laethúil ar fhaid dhifriúla le forbairt choincheap an ama chaite.

## Teanga na matamaitice

Tugann teagasc theanga an ama uirlis urlabhartha don pháiste tacú lena **fhorbairt choincheapúil**. Mar sin is **comhpháirt riachtanach den teagasc agus den fhoghlaim é** le haghaidh scileanna a bhaineann le ham. Is fearr a fhoghlaimíonn an páiste nuair a bhaineann a mhúinteoir úsáid as teanga shonrach aa bhaineann leis an gcoincheap. Ba cheart go míneofaí teanga na matamaitice go soiléir i gcomhthéacsanna bríocha, ar nós na gceann ar tugadh breac-chuntas orthu sa rannóg roimhe seo. Bíonn léirithe físeacha nó íomhánna






den teanga úsáideach do go leor páistí. D'fhéadfaidís seo a bheith ar taispeáint i seomraí ranga (Balla Dhomhan na Matamaitice) agus/nó d'fhéadfaí taifead a coinneáil dóibh i nDialann Matamaitice an pháiste (sainmhínigh agus samhlaigh/léirigh an príomhtheanga agus na príomhnósanna imeachta). Bain úsáid as an teanga ar bhonn rialta i gcomhthéacsanna laethúla agus cleachtadh bunaithe sa bhaile agus ar scoil. Is fearr cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí chun cur chuige leantach i dtaca le teanga na matamaitice i suíomh an bhaile agus na scoile.

## Nasc baile / scoile




Slí éifeachtach foghlaim faoi am agus gnóthachtáil gach páiste a mhéadú iad **tagairtí neamhfhoirmiúla don am** a áireamh le linn an lae, sa bhaile agus ar scoil araon ar bhonn laethúil. Nuair a dhéanann múinteoirí agus tuismitheoirí cur síos ar am imeachta, éiríonn an páiste feasach ar amanna éagsúla ina shaol laethúil – *Chuamar ag snámh inné*, *Bíonn Corpoideachas ar an Máirt*, *Breithlá Tom atá ann amárach*. Forbairt ar an gcéim seo is ea am imeachta agus/nó a fhad a chur san áireamh – ithimid ár lón ag a 1 a chlog, bíonn deich nóiméad againn chun súgradh ag Am Sosa srl. Ar an mbealach seo, tosaíonn an páiste ag déanamh ceangail idir amanna áirithe agus tosaíonn sé ag baint céille as na hamanna agus as na himeachtaí seo.

Cuireann imirt cluichí matamaitice sa bhaile agus ar scoil deiseanna spraíúla agus mealltacha ar fáil chun teanga an ama a fhoghlaim agus chun scileanna ama a úsáid sa saol laethúil – bíonn éifeacht ar leith le húsáid cluichí atá ábhartha do na torthaí foghlama reatha. Slí an-phraiticiúil eile coincheap an ama a theagasc ná scéalta a bhaineann le ham a léamh leis an bpáiste.

## Tacaíochtaí físiúla

Tugann **sceidil fhísiúla** a léiríonn clár ama an ranga le haghaidh an lae nó le haghaidh rang ar leith íomhá fhísiúil d'imeacht ama. Tacaíonn amadóirí físiúla ar nós amadóirí gainimh agus amadóirí digiteacha (le hairíonna físiúla) le haghaidh tréimhsí ama ar leith m.sh. gníomhaíocht cúig nóiméad, le tuiscint níos doimhne ar am atá caite. Is féidir gníomhaíochtaí amharcealaíne ar nós stiallghreannán nó timthriall saol féileacáin a úsáid chun imeacht an ama, a foghlaimíodh in ábhair ar nós Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta, a léiriú

Is féidir le leabhair a bhfuil **téama an ama** iontu cur leis an bhfoghlaim trí chomhthéacs a chur ar fáil le haghaidh scil a bhaineann le ham, is féidir leo tacú le tuiscint agus le ginearálú agus féadfaidh siad suim an phaiste sa topaic a mhéadú chomh maith. Is céad chéim iontach é éisteacht le scéal faoi am nó ceann a léamh agus an coincheap á mhúineadh. Ba cheart go mbeadh rochtain ag an bpáiste ar leabhair a bhfuil téama an ama iontu le linn am léitheoireacht neamhspleách agus ba cheart iad a chumasú na leabhair seo a thabhairt abhaile lena léamh. I measc samplaí de leabhair oiriúnacha tá – *Just a Second, A Second is a Hiccup, Me Counting Time, What's the time, Mr. Wolf? The Bad-Tempered Ladybird, The Tortoise and the Hare, The Very Hungry Caterpillar*. Bhainfeadh páiste a bhfuil scileanna ama níos fearr acu taitneamh as scéalta a mbeadh amlínte stairiúla, stair léamh ama agus timthriallacha saoil (féileacán, seanchrann darach, dírbheathaisnéisí) mar shampla.

## An tAm a Léamh

Bain úsáid a léirithe éagsúla i gcomhthéacs an Chreata **Nithiúil**, **Léirithigh**, **Theibí** (CLT) chun scil ghnásúil **léamh ama** a theagasc. Bain úsáid as fíorchlog (analógach) chun aghaidh a chloig a chur i láthair (Céim Nithiúil). Ina dhiaidh seo úsáid léaráid/pictiúir d'aghaidh cloig nó cloig theagaisc ar líne (Céim Léiritheach/Phictiúrtha) Is é uimhreacha amháin á n-úsáid an chéim dheireanach sa tsraith mhúinteoireachta (Céim Theibí)

## An Creat Nithiúil Léiritheach Teibí (CLT)

Sraith mhúinteoireachta →



Coincréiteach = Úsáid fíorchlog



Léiritheach = Líníocht de chlog

**6.15**

Teibí = Uimhreacha amháin

← Sraith idirghabhála

Chun rochtain ar fhoghlaim a chinntiú do chách, féadfar na trí chéim a úsáid go comhuaineach. Ag cuimhneamh air gurb é an leibhéal teibí sprioc na foghlama, féadfaidh sé a bheith úsáideach do go leor páistí taithí a fháil ar fhoghlaim ag an leibhéal nithiúil agus an leibhéal léiritheach go comhuaineach. Do pháistí eile, féadfaidh sé a bheith úsáideach taithí a fháil ar shraith foghlama droim ar ais. Mar shampla, féadfaidh páiste a bhfuil deacracht aige leis an gcéim theibí tairbhe a bhaint as fís nó léirithe d'aghaidh an chloig. Cuirfidh úsáid fíorchloig (analógach) (céim nithiúil) breis tacaíochta agus cabhrach ar fáil le haghaidh tuiscint níos doimhne ar an scil dheacair seo. San aois dhigiteach seo, is rogha réalaíoch é an chéim nithiúil a mhalartú le **clog fíorúil** (ar líne, aip, Clár Bán Idirghníomhach) agus is fiú é a mheas in idirghabháil teagaisc agus foghlama

## Úsáid a bhaint as amlínte


Is **straitéis réitigh fadhbanna fhísiúil** le haghaidh **fadhbanna a bhaineann le ham a caitheadh** é a chuid eolais ar uimhirlínte a chur i bhfeidhm ar **amlínte**. Is príomhghné den chur chuige seo ná go gceadaíonn dé don phaiste a réitigh a shamhlú agus a thaifeadadh i slí fhísiúil. Cosúil le straitéisí réitithe fadhbanna eile a mhúineadh, ba cheart go gcuirfeadh an múinteoir an amlíne i láthair agus cur chuige oideolaíoch ar leith á úsáid. Sa chás seo féadfaidh an tsraith theagaisc '*Déanaim, Déanaimid, Déanann tú*' a bheith úsáideach.

| Sraith Mhúinteoireachta Réitigh Fadhbanna | Déanaim<br>Déanaimid<br>Déanann tú |
|---|---|

**Tosaíonn an scannán Finding Nemo ag 2.20. Tá sé thart ag 4.00. Cá fhad a mhaireann sé?**

1 uair an chloig
30 nóiméad
10 nóiméad

1 uair an chloig agus 40 nóiméad



Baintear é seo amach trí shamhaltú agus cur i bhfocal a phróisis smaointeoireachta a theagasc (smaoineamh os ard) chun míniú agus réasúnaíocht a chur ar fáil le haghaidh gach céim den phróiseas (***Déanaim***). Agus breathnú déanta aige ar roinnt fadhbanna cosúla, d'fhéadfaí an deis a thabhairt don pháiste fadhbanna cosúla a dhéanamh i bpéirí nó i ngrúpaí beaga (***Déanaimid***).

Ceadaigh solúbthacht don pháiste úsáid a bhaint as roghanna droicheadaithe agus amlínte á n-úsáid ar dtús (féach an íomhá Finding Nemo). Éireoidh sé níos sofaisticiúla sa tasc seo de réir mar a théann sé chun cinn ina chuid smaointeoireachta. Éillíonn an chéim dheireanach den sraith theagaisc ar an bpáiste tabhairt faoi fhadhbanna amlíne go neamhspleách (***Déanann tú***)

**Straitéisí Bainistíochta Ranga**

**Féadfaidh spreagadh an pháiste gach céim den phróiseas réitithe fadhbanna a chur i bhfocal cabhrú leis éirí amach as iompar ríogach, agus féadfaidh rannpháirtíocht níos faide agus méadú i ngnóthachtáil a bheith mar thoradh air.**


Féadfaidh sé cabhrú leis an bpáiste deiseanna a bheith aige le haghaidh plé oscailte ina gcuireann sé réasúnaíocht ar fáil maidir lena rogha. Chomh maith leis sin, tairbheoidh siad ó dheiseanna plé a dhéanamh ar roghanna réitithe amlíne seachas a chinn féin. Is gné chriticiúil le haghaidh rath na sraithe teagaisc **amlíne** ná an páiste a mhealladh le bheith páirteach in aiseolas idirghníomhach i gcaitheamh an phróisis.




## Cuir chuige éagsúla maidir le teagasc agus foghlaim



Ceadaíonn straitéis oideolaíoch Dearadh Uilíoch i gcomhair Foghlama (DUF) ionchuimsiú bríoch le haghaidh gach foghlaimeora agus am á mhúineadh. Caithfidh gach céim den phróiseas teagaisc agus foghlama rannpháirtíocht agus dul chun cinn rathúil a éascú le haghaidh gach páiste. Trí ghlacadh leis an gcreat measúnaithe Nithiúil, Léiritheach, Teibí (CLT) de réir mar a tugtar breac-chuntas air sa chuid *Measúnú Aonair* de Phaca Measúnaithe Lámhleabhar Tomhas Am SGFM (SGFM) cuirtear rochtain ar fáil ar bhonnlíne eolais le haghaidh an pháiste a fhéadfaidh streachailt leis an measúnú a bhíonn i bhformad teibí amháin. Éascaíonn úsáid chur chuige CLT i dtaca le Léamh an Ama a theagasc rochtain ar fhoghlaim ar leibhéal nithiúil, físiúil agus teibí. Is féidir é seo a bhaint amach trí úsáid a bhaint as fíorchloig agus/nó cloig mhúinteoireachta agus/nó íomhánna de chloig nuair a bhíonn scileanna agus coincheapa teibí ama á theagasc. Bainfidh roinnt páistí tairbhe bhreise as má bhíonn ná híomhánna de chloig ceannann céanna nó cosúil leis na fíorchloig mhúinteoireachta a úsáidtear sa phróiseas teagaisc agus foghlama. Bíodh agus go mbainfidh roinnt páistí tairbhe as úsáid a bhaint as tacaíochtaí a stiúrann an múinteoir, bainfidh roinnt páistí leas as úsáid a bhaint as tacaíochtaí dá rogha féin agus iad ag dul i ngleic le tascanna agus le gníomhaíochtaí bunaithe ar am.



Is cuir chuige úsáideacha i dtaobh tacaíocht bhreise a chur ar fáil le haghaidh roinnt páistí iad oibriú le páistí **i ngrúpaí beaga** nó **ar bhonn aonair**, chomh maith le haiseolas a mhéadú.

## Teicneolaíocht a úsáid

Is modh luachmhar í an teicneolaíocht teagasc sa mhatamaitic a fheabhsú agus tá sé in oiriúint do chabhrú le forbairt scileanna gnásúla le haghaidh páistí a dteastaíonn tacaíocht teagaisc bhreise uathu maidir le ham go háirithe. Agus teicneolaíocht á úsáid is féidir leis an múinteoir a chuid gníomhaíochtaí féin a fhorbairt

nó teacht orthu ar líne. I measc na ngníomhaíochtaí ábhartha tá seicheamhú gnáthimeachtaí laethúla; laethanta na seachtaine, na míonna, na séasúir a chur in ord; an t-am a léamh; amanna analógacha agus digiteacha a mheaitseáil; am analógach a aistriú chuig am digiteach; rochtain a fháil ar sceidil phictiúrlainne agus cláir ama bus agus traenach i gcomhthéacsanna fíorama srl. Is acmhainní teagaisc cabhracha don bhaile agus don scoil araon iad na cloig theagaisc idirghníomhacha atá ar fáil ag na suíomhanna seo a leanas. Chun teacht ar shamplaí, féach https://www.topmarks.co.uk/time/teaching-clock; https://www.mathsisfun.com/time-clocks-analog-digital.html

## Conclúid

Bíonn éagsúlacht idir páistí i dtéarmaí a gcumas tuiscint choincheapúil agus scileanna gnásúla a bhaineann le ham a shealbhú. Bíodh agus go sealbhaíonn go leor páistí na scileanna, d'fhéadfadh an inniúlacht am a bhainistiú a bheith mar ábhar béime le haghaidh roinnt páistí. Sa chomhthéacs seo, foghlaimíonn an páiste coincheap an ama go leathan agus foghlaimíonn sé nodanna agus sraitheanna timpeallachta agus/nó ó bhéal a úsáid chun am agus imeachtaí a bhainistiú ina shaol laethúil. Ba cheart go gcinnteodh cuir chuige oideolaíocha i dtaca le ham torthaí rathúla le haghaidh gach páiste.

## Leabharliosta


Aesop, *An Toirtís agus an Giorria* Foilsitheoirí éagsúla.

Butterworth, B., & Yeo, D. (2007). *Dyscalculia guidance: Helping pupils with specific learning difficulties in maths*. Londain: Comhlacht Foilsitheoireachta NferNelson.

Carle, E. (2012). *The bad-tempered ladybird*. Londain: Puffin.

Carle, E. (2014). *The very hungry caterpillar*. Londain: Puffin.

Chinn, S. J., & Ashcroft, J. R. (2017). *Mathematics for dyslexics and dyscalculics: A teaching handbook* (4th ed.). West Sussex, UK: John Wiley & Sons, Ltd.

Gliori, D. (2015). *What's the time, Mr Wolf?* Londain: Bloomsbury.

Hutchins, H. (2012) *A second is a hiccup: A child's book of time*. Nua-Eabhrac: McGraw-Hill Education.

Jenkins, S. (2011). *Just a second*. Boston: Comhlacht Foilsitheoireachta Houghton Mifflin.

Sweeney, J. (2019). *Me counting time*. Nua-Eabhrac: Random House Children's Books.

SFGM An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí Gan dáta. Paca Measúnaithe Lámhleabhar Tomhas Am SFGM Le fáil ag https://pdst.ie/sites/default/files/Time_MeasuresAssessmentPack.pdf


## Acmhainní

https://www.topmarks.co.uk/time/teaching-clock; https://www.mathsisfun.com/time-clocks-analog-digital.html